# Tábla Simplí agus Léaráid Venn

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Sonraí – sórtáil<br>Comhtháthú – Teanga, OSIE, Corpoideachas |
| **Scileanna Forbartha** | Cumarsáid agus cur in iúl – torthaí gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a chlárú ag úsáid léaráidí, pictiúr agus siombailí<br><br>Comhtháthú agus nascadh – gníomhaíochtaí matamaiticiúla atá bainteach le gnéithe eile den churaclam a chomhall<br><br>Réasúnaíocht – patrúin agus gaolta matamaiticiúla a aithint agus a chumadh |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | colúin, sraitheanna, critéar, idirmhír na gcritéar, lasmuigh den tacar, sórt, sonraí, coitianta, anailísigh, níos mó, níos lú, cé mhéad eile?, Léaráid Venn |
| **Áiseanna** | leathanach bailithe sonraí, teimpléad de Léaráid Venn, Uirlis Sórtála Mol Mata |

## Cur síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Is gníomhaíocht mholta é seo agus is féidir na critéir maidir le sórtáil a athrú le haghaidh aon chuspóir.

Mar rang iomlán, úsáideann daltaí tábla simplí (féach an sampla thíos) chun a fháil amach na spóirt a imríonn an rang, m.sh. Sacar/Peil Ghaelach. Ansin, cuireann daltaí a n-ainmneacha san áit cheart ar an Léaráid Venn de réir faisnéise sa tábla.

### 2 Gníomhaíocht 2

Ansin, cruthóidh na daltaí a léaráid Venn féin agus sórtálfaidh siad ag úsáid critéir agus ceisteanna a roghnaigh siad iad féin. Ar dtús, baileoidh siad sonraí agus déanfaidh siad taifead orthu i dtábla simplí (féach thíos). Ansin, úsáideann siad an Uirlis Sórtála Mol Mata chun a dtorthaí a thaifeadadh ar Léaráid Venn, rud is féidir leo a phriontáil nó a easpórtáil. Ansin, pléann na daltaí a dtorthaí agus seasann siad lena réasúnú.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé mhéad dalta a imríonn sacar?<br>• Cé mhéad dalta a imríonn Peil Ghaelach?<br>• Cé mhéad dalta a imríonn an dá cheann acu?<br>• Cé mhéad dalta nach n-imríonn sacar ná Peil ghaelach?<br>• An imríonn níos mó/níos lú daltaí Peil ghaelach ná sacar? Cé mhéad níos mó/ níos lú? | • Conas a shórtálfaimid na daltaí?<br>• Conas a thabharfaidh tú faoin ngníomhaíocht seo?<br>• Conas a bhaileoimid an fhaisnéis?<br>• Conas a chuirfimid ár dtorthaí i láthair?<br>• Inis dom conas a shórtáil tú na daltaí.<br>• Cad a d'fhoghlaimíomar ón bhfaisnéis sa Léaráid Venn seo? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.
Athraigh cineál Léaráid Venn ag brath ar thuiscint an dalta. Mar shampla, is féidir le daltaí sórtáil a dhéanamh ag úsáid ciorcal amháin, dhá nó trí chiorcal.

## Tábla Simplí le haghaidh Bailithe Sonraí

| Ainm an Dalta | Peil Ghaelach | Sacar |
|---|---|---|
| Tríona | ✓ | ✓ |
| Caoimhín | ✓ | ✓ |
| Máire | ✓ | |
| Liam | | ✓ |
| Ciara | | |
| Séimí | | ✓ |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

## Tábla Simplí le haghaidh Bailithe Sonraí

| | | |
|---|---|---|
| **Ainm an Dalta** | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

## Léaráid Venn bunaithe ar Fhaisnéis i dTábla



